



**TÚS AN GHEIMHRIDH
COIMEÁD
TE AGUS TIRIM!**

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Ní bhíonn a fhios agat	2
Esperanto	2
Diúc de Wellington	3
Scéal grinn	3
El Rio Grande	3
Tomás Ó Canainn	4
Bábóga an Gheadáin Chabáiste	4
Carn Tóchair Bualadh le dúdaire	5
Thomas Davis	6
Ag rothaíocht sa Tuaisceart	7
Fiordanna na hIorua	7
Turas thar-oíche	8
Dúnmharú in Dallas	8
Craic i gCarna	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Sacair na Samhna	11
Rugbaí idirnáisiúnta	12
Peil chomhrialacha	12
Buaiteoirí ón taobh ó thuaidh	12



AN TAOBH Ó THUaidh

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR I EAGRÁN II

SAMHAIN 2014

CARN AN DÓCHAIS?

Is i ndiaidh a chéile **go háirithe** a thógtar na caisleáin in athréimniú na Gaeilge. Is maith an rud é go bhfuil líon na maidineacha caife (MC) ag méadú de réir a chéile. Tá tábhacht **ag baint** leo mar tugann siad deis do dhaoine **a gcuid** Gaeilge a úsáid i measc an ghnáthphobail. Bíonn dea-thoradh ann—meallann (**attracts**) an



chaint daoine atá i raon cluas agus suim acu sa teanga (féach lth 2) agus cruthaíonn sé gur teanga labhartha í an Ghaeilge seachas teanga atá teoranta don scoil. Tugann sé le fios freisin d'eachtrannaigh go bhfuil a teanga féin ag an tír seo. Cothaíonn na MC bá leis an teanga i measc iad siúd atá ag freastal orthu. Ach i ndeireadh na dála an mbeidh

toradh buan acu? Ní chreidim go mbeidh mura mbíonn scéimeanna eile ag dul ar aghaidh in éineacht leo. Tá ciorcail **chomhrá** (CC) ann ach is dócha go bhfuil an méid céanna daoine ag freastal **ar na cinn** don **Fhraincis** agus atá ag freastal ar na cinn don Ghaeilge agus níl aon duine ag ceapadh go mbeidh Éire ina tír Fhraincise amach anseo!

Níl sna MC agus sna CC ach snáitheanna i dtaipéis na teanga Gaelaí. Déantar taipéis **trí a lán** snáitheanna **a nascadh** le chéile. An bhfuil sin ag tarlú faoi láthair ó thaobh na teanga de? Níl mórán rian de le feiceáil. Ach tá straitéis níos fadtéarmaí ag Gaeilgeoirí an Tuaiscirt. Thug grúpa againn cuairt ar Charn Tóchair, Co.

Dhoire, le déanaí agus d'fhoghlaimíomar faoin bplean **40 bliain** fadtréimhseach **cuimsitheach** atá acu chun an Ghaeilge a athréimniú sa cheantar. Tá féinmhuinín iontach ag na daoine seo atá deacair a aimsiú sa chuid eile den tír. Pléann siad cúrsaí teanga, cumann siad pleananna chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Ní rud neamhchoitianta é sin, táimid ag déanamh na rudaí céanna **ar an taobh** seo den oileán. Ach tá difríocht mhór eadrainn. Cuireann siadsan a bpleananna i ngníomh. Anseo feictear gothaí móra agus buillí beaga. Sa Tuaisceart déantar beart de réir a mbriathair. Má tá aon slánú ann don Ghaeilge is iad Sliocht Uí Néill a bheidh mar chúis leis. Féach ar sheoladh gréasáin

<http://www.ancarn.org/> chun a straitéis a léamh. Is teimpléad é seo do gach grúpa atá ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn.



CEACHT BEAG NA GAEILGE: HOW TO ASK SOMETHING OF SOMEONE



Tá dhá shlí:

má tá tú ag iarraidh ar dhuine gar a dhéanamh duit úsáidtear an briathar '**iarr**' agus má tá eolas uait faoi rud éigin úsáidtear an briathar '**fiafraigh**'.

Féach thíos:

D'iarr mé air mo ghairdín a ghlanadh - *I asked him to clean my garden*
 Iarraim an rud céanna air gach mí - *I ask him the same thing every month*
 Iarr air é a bhrostú - - - - *Ask him to hurry up*
 D'fhiafraigh mé di cá raibh cónaí uirthi - *I asked her where she lived*
 Fiafraím de na gcaoilíní go léir é sin - - *I ask all the girls that*
 Fiafraigh de cén t-am é - - - - *Ask him what time it is*

NÍ BHÍONN A FHIOS AGAT RIAMH!

Ben Mac Lochlainn


Chuala mé scéilín beag le déanaí a thaitin go mór liom agus chruthaigh sé rud amháin a bhím ag rá an t-am go léir – 'sé sin, nach mbíonn a fhios agat riamh cé a bhíonn ag

éisteacht leat nó ag féachaint ort agus tú ag caint in áit phoiblí. Bhí fear a bhfuil aithne agam air ina shuí sa LUAS ag dul abhaile ón obair. Bhí sé ag léamh foilseachán Gaelach (abraimis gurbh í *An Taobh Ó Thuaidh* – an iris Ghaeilge is fearr atá ann, a bhí á léamh aige). Tar éis tamaill d'éirigh fear a bhí ag suí gar dó agus tháinig sé chuig mo chara: “*Feicim go bhfuil tú ag léamh iris Ghaelach*” arsa sé. Bhí Gaeilge ag an bhfear nua agus sula i bhfad bhí comhrá breá ar siúl acu. Ansin tar éis nóiméad eile thugadar faoi deara go raibh an bhean seo ag druidim chucu. “*Bhíos im shuí thuas ansin agus chuala mé an bheirt agaibh ag Gaeilgeoireacht. Tá Gaeilge agam, an bhfuil cead agam bheith libh?*”



Anois, bhí triúr ag spalpadh na Gaeilge i measc na bpaisinéirí eile agus iad ag cloisteáil Gaeilge á labhairt go breá nádúrtha. Dúirt mo chara go raibh beirt eachtrannach ina suí os comhair na nGaeilgeoirí agus ar chloisteáil na Gaeilge dóibh d'fhéach siad ar a chéile gan focal uathu, ach thuig chuile duine cad a bhí ina n-aighe. Thuirling an bhean le Gaeilge ag an gcéad stad eile agus tomhais cad a tharla. Shuí stócach óg síos sa suíochán folamh. “*Chuala mé sibh ag labhairt as Gaeilge,*” ar sé. Tá teachtaireacht thábhachtach ag baint leis an eachtra seo. Dúinne go léir, sinne atá ag obair ar son na Gaeilge, is cuma cén saghas duine thú, táimid go léir ar thóir an rud céanna agus is í an Ghaeilge an nasc a stroighníonn sinn go léir le chéile sa rud seo ar a dtugtar ‘Clann na Gaeilge’.

ESPERANTO



Is teanga shaorga í seo a cumadh sa bhliain 1887 chun teanga éasca a chruthú, teanga a mbeadh ní ba éasca a fhoghlaim ná na gnáth-**theangacha** eile. B'fhís í seo de Ludwig Zamenhof - dochtúir súl Polannach a thóg an t-ainm Dr Esperanto mar ainm cleite.

Theastaigh uaidh teanga 'neodrach' a bhunú ar mhaithe leis an domhan. Luaigh sé, agus é lán-dáiríre faoi: “*Is féidir mo ghramadach go léir a fhoghlaim i gceann uair a' chloig amháin*”.

Tá rialacha gramadaí agus eilimintí de theangacha éagsúla le feiceáil san Esperanto, agus ó thaobh an léacsacain (stór focal) de, go háirithe na teangacha Ind-Eorpacha - ó na teangacha Rómánsacha: (an Fhraincis, an Spáinnis, an Iodáilis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, srl. agus na teangacha Gearmáinice: (an Ghearmáinis, teangacha Chríoch Lochlann, agus ar ndóigh an Béarla), i.e. **éu vi parolas Esperanton? / An bhfuil Esperanto agat? / Do you speak Esperanto?** Tagann an ghramadach ó na teangacha Slavacha: an Rúisis, an Pholainnis, an tSeicis, srl. Tá iarracht déanta chun daoine a mhealladh chuig an Esperanto. Tá breis is céad leabhar foilsithe sa teanga agus tá ‘**Esperantóiri**’ i 38 dtír. Múintear í freisin in Ollscoileanna áirithe mar ábhar roghnach. Cé mhéad duine a bhfuil Esperanto ar a dtail acu? Tá na saineolaithe fiú ar a mhalairt aighe faoi seo - d'fhéadfadh an figiúr bheith idir 50,000 agus milliún daoine. Ach cibé slí a smaoineítear ar an scéal, ní éacht suarach é teanga a chumadh as an nua. Seo roinnt samplaí den Esperanto:

Dia duit! - **Saluton!** Conas tá tú? - **Kiel vi fartas?** Go raibh maith agat - **Dankon** Anois - **Nun**

DIÚC DE WELLINGTON

Proinsias Ó Murchú

B'Éireannach é an Diúc de Wellington. Má luann tú an t-ainm sin le daoine agus má **fhiafraíonn** tú díobh cad a chiallaíonn sé, gheobhaidh tú dhá fhreagra (1) go bhfuil colún mór in onóir dó i bPáirc an Fhionnuisce agus (2) gur chloígh sé Napóilean Bonapart ag Cath Waterloo. Rugadh i mBaile Átha Cliath é sa bhliain 1769 sa Chinsealacht Angla-Éireannach (**Anglo-Irish Ascendancy**). Ba é Arthur Wellesley a ainm baiste agus cé gur rugadh anseo é ba bheag an tsuim nó an spéis a bhí aige i gcúrsaí na tíre seo. Ó thaobh dílseacht tíre agus mothúcháin náisiúnta de, ba Shasanach amach is amach é. *"If a gentleman happens to be born in a stable, it does not follow that he should be called a horse"*. Tá sé seo in ainm a bheith ráite aige nuair a cuireadh i leith dó gurbh Éireannach é, ach níl aon chinnteacht leis. Ag an am céanna, tá sé éasca a leithéid de rud a shamhlú ag teacht as **béal** Wellington. (Féach *Genetic Studies in Joyce* [1995] le David Hayman agus Sam Slote).



Agus tagairt á déanamh don fhear féin is léir gur **cheannaire míleata** inniúil ab ea é. Ar gach taobh den cholún i bPáirc an Fhionnuisce tá cuntais dá **éachtaí** san India, sa Spáinn agus sa **Phortaingéil** ach is é Waterloo an rud a bhfuil an cháil is mó air i measc daoine. Cé go raibh an bua ag Wellington ba bheag nár tharla sé. De réir dealraimh tá a lán creidiúna tuillte do Gebhard Leberecht von Blücher, **Marascal Machaire (Field Marshal)** Prúiseach a **tháinig** i gcabhair ar Wellington ag an **nóiméad** deireanach – deirtear. Chun Cothrom na Féinne a thabhairt do Wellington, d'admhaigh sé an oiread seo ina bhriathair féin in agallamh a thug sé díreach i ndiaidh an Chatha do Thomas Creevy - polaiteoir ag an am, *"It has been a damned serious business, Blücher and I have lost 30,000 men. It has been a damned nice thing - the nearest run thing you ever saw in your life. By God! I don't think it would have been done if I had not been there"*. I leabhair de chuid Creevy, na '*Creevey Papers*' a foilsíodh i 1903, i gcaibidil X, ar leathanach 236; 's' é an bhrí ar *"a damned nice thing"* ná *"a damn close-run thing"*. **D'éag** Wellesley 14 Meán Fómhair 1852.

SCÉAL GRINN NA MÍOSA - RÓ-AOSTA



Beirt iníonacha léinn ag comhrá faoi choinne na oíche roimhe:

"Conas ar éirigh leat ar do choinne chéad aithne?" fiafraíonn iníon léinn choláiste dá cara.

"Níor éirigh leis – bhí sé go dona," freagraíonn an cara. *"Tháinig sé ina Rolls Royce de 1932"*.

"I ndáiríre! Is gluaiстеán an-ghalánta é sin. Cad a bhí chomh holc faoi sin?"

"B'eisean an chéad úinéir!"

Foclóirín: iníon (mac) léinn - **female (male) student**; coinne na hoíche roimhe - **the date of the previous night**; coinne chéad aithne - **blind date**; i ndáiríre! - **really!** Cad a bhí chomh holc? - **What was so bad...?** B'eisean an chéad úinéir - **he was the original owner**

EL RIO GRANDE — AN ABHAINN MHÓR

Tá draíocht éigin ann agus tú ag taisteal thar lear nuair a théann tú ó thír amháin go dtí tír eile, go háirithe nuair a thagann tú go dtí an teorainn idir an dá thír. Feictear na comharthaí **'Fáilte go ...'** agus ansin le cúpla coiscéim breise ta tú i dtír eile! Ach níl an teorainn idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Meicsiceo mar sin. Sá bhliain 1836 fógraíodh Texas ina Phoblacht i gcoinne thoil na Meicsiceach agus glacadh an mórstát Texas mar chuid den SAM in 1848. Leis an ghníomh sin rinneadh an Abhainn **Mhór** ina **teorainn** nádúrtha idir an dá thír. Tá foinse na habhann i bhfad siar sna **Rocky Mountains** in Colorado agus leanann sé ar feadh 1,900 míle go dtí Murascaill Mheicsiceo (**Gulf of Mexico**). Ach cé gur **teorainn** bhreá nádúrtha í, níl sí gan a **fadhanna**. Tá sé éasca go leor do dhaoine ó Mheicsiceo, na himircigh **mhídhleathacha**, a shleamhnú isteach sna Stáit faoi scáth an dorchadais. Tá breis seicphointí (**checkpoints**) ar an taobh Meiriceánach den teorainn ach leanann na himircigh ag teacht. Deirtear gur í an Spáinnis dara teanga an limistéir sin anois, de dheasca líon na Meicsicigh atá ann. Agus sna blianta amach romhainn cá bhfios? An Spáinnis ina **príomhtheanga** b'fhéidir? Mar eolas breise: I 1950 rinneadh scannán darbh ainm **Rio Grande** leis an mbeirt sin arís - John Wayne nach maireann agus Maureen O'Hara, (**The Quiet Man**) atá beo beatha fós in aois 94 bliana. Is as Ragnallach, i mBaile Átha Cliath, ó dhúchas í.





TOMÁS Ó CANAINN - DUINE MÓR LE RÁ

Áine Ní Fhiannachta

Rugadh Tomás Ó Canainn i nDoire sa bhliain 1930 agus tógadh ansin é. Bhí cúlra ceoil Ghaelaigh aige. Sheinneadh a mháthair agus a sheanathair an fhidil. Rinne sé staidéar ar innealtóireacht in Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste agus in Ollscoil Learphoill ([Liverpool](#)). Tar éis é sin, chuaigh sé i mbun oibre mar léachtóir le hinnealtóireacht in Ollscoil Chorcaí ar feadh tríocha bliain. Fuair sé céim sa cheol nuair a bhí sé ann agus duine dá mhúinteoirí ceoil ba ea Seán Ó Riada. Nuair a d'éag an Riadach sa bhliain 1971, thosaigh Tomás ag obair mar léachtóir sa cheol Gaelach, cé gur lean sé ar feadh tamaill mar léachtóir san innealtóireacht san Ollscoil chéanna). Fear ilchumasach ([multi-talented](#)) ba ea é. Sheinn sé na píob uilleann agus an bosca ceoil; amhránaí traidisiúnta, cumadóir ceoil agus scríbhneoir ba ea é freisin. Bhunaigh sé an grúpa ceoil Na Filí, in éineacht le Matt Cranitch agus rinneadar camchuairt sna Stáit Aontaithe agus san Eoraip i rith na seachtóidí (1970s).



Scríobh sé leabhar '*Traditional Music in Ireland*' - téacsleabhar a úsáideann múinteoirí fós. Scríobh sé trí Aifreann; Aifreann Cholmille, Naomh Fionnbarra agus Aifreann Biosántach ([Byzantine](#)).

Is é mo thuairimse gur ceol inspioráideach iad agus go n-ardaíonn siad an spiorad. Ba mholtóir go minic é freisin san Oireachtas agus i bhFleadh Cheoil na hÉireann. Rinne sé léirmheastóireacht cheoil ar son an Cork Examiner ar feadh 15 bliain. Bhí an-dúil aige sa teanga Ghaelach agus chomh maith leis sin, bhí sé ábalta Spáinnis agus Polainnis a labhairt. Bhunaigh sé féin agus a bhean chéile Gaeltacht bheag in Ard Bharra, Gleann Maghair, Corcaigh, an áit ina raibh sé ina chónaí. Fuair sé bás sa bhliain 2013. Cuimhneofar é go deo mar cheoltóir, mar fhile, mar scéaláí, agus mar amhránaí den scoth.

BÁBÓGA AN GHEADÁIN CHABÁISTE

An bhfuil tú aosta a dhóthain chun na '*cabbage patch dolls*' a chuimhneamh? Bhí an-tóir orthu nuair a tháinig siad ar an margadh den chéad uair díreach roimh Nollaig 1983. Is dócha gurb í an mheallacht a bhí orthu nó an aghaidh shoineanta pháistiúil – na súile móra agus an béal beag. Is minic a rinneadh dearmad gur bréagán a bhí inti agus nárbh fhíorpháiste a bhí sa *phram* - bhí siad chomh réalaíoch sin. Níor mhair an t-éileamh ach cúpla bliain nó mar sin agus ansin ar chúis éigin d'imíodar as na siopaí. Is mór an trua í i mo thuairimse. B'fhéidir go bhfuil ceann agam áit éigin thuas san áiléar!



Corduroy

Is fabraic í seo as a ndéantar bristí, cótaí, casóga, agus léinte, fiú. Tá na snáithíní casta le chéile agus is mianach an-te é sa gheimhreadh. Deirtear gur ón Fhraincis a tháinig an t-ainm - i.e. *cord du roi*



Sean Dlí Amaideach

In New Orleans, tá sé mídhleathach gluaisteán a thiomáint ag bean murach a céile ([husband](#)) a bheith ag siúl [roimpi](#) le brat dearg ina lámh aige. Tá sé deacair a chreidiúint go raibh sé mar sin ag an [tús](#)!




An raibh a fhios agat?

Cé chomh minic is atá sé feicthe agat? Bhuel, seo giota eolais duit: an leon seo san MGM [lógó](#), [mharaigh](#) sé a thraenálaí agus beirt chuntóirí an lá tar éis an [lógó](#) seo a dhéanamh. Tá a fhios agat anois!

CARN TÓCHAIR, CO. DHOIRE

Pádraig Mac

D'eagraigh Seán Ó Coileáin turas go Doire an mhí seo chaite. Thug an turas deis do na 16 duine againn a bhí ar an mbus dhá lá a chaitheamh ag labhairt na Gaeilge agus ag féachaint ar an tírdhreach inár dtimpeall agus muid ar ár slí. Ach bhí rud i bhfad ní ba thábhachtaí á dhéanamh againn freisin agus ba é sin bualadh le Gaeilgeoirí an Tuaiscirt atá ag obair go dian agus go fadtéarmach ar son na teanga. Tá Carn Tóchair suite i dTír Chiana cóngarach go Machaire Rátha. Bhí an Ghaeilge á labhairt ann céad bhiaín ó shin ach chuaigh na cainteoirí deireanacha ar shlí na fírinne roimh 1960. Bunaíodh Coiste Forbartha Charn Tóchair i 1992 chun tionscadail



timpeallachta, eacnamaíochta, sóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn sa cheantar. Tá an Ghaeilge mar chuid lárnach de na tionscadail seo. Tá 200 teaghlach sa cheantar agus tá beagnach 200 duine ann anois, daoine óga an chuid is mó acu, le cumas maith sa teanga. Tá siopa, leabharlann agus Oifig an Phoist tógtha ar an suíomh chomh maith leis An Coire (Mol Ealaíon Cruthaitheacha—Creative Arts Hub) agus An Teach Glas (tithe féinseirbhíse) (focal.ie). Eagraíonn siad Féile Drámaíochta, Feis Charn Tóchair agus Club Iarscoile, ranganna Gaeilge agus ranganna ceoil, ealaíon agus ranganna i maireachtáil fholláin (healthy living). Tá Cumann Gaelach agus Cumann Siúil acu freisin. Iarraim ort féachaint ar a suíomh idirlín www.ancarn.org agus am a chaitheamh ag léamh trí na bileoga éagsúla atá le fáil (agus le híoslódáil) ann. Is fiú go mór do gach duine a bhfuil bá aige nó aici leis an nGaeilge an leabhrán dátheangach (39 leathanach) “An Bealach chun Tosaigh - Straitéis don Ghaeilge i gCarn Tóchair agus i Machaire Rátha” a léamh. Tá Náiscoileanna, Gaelscoileanna, Gaelcholáistí, Ranganna, Clubanna Leabhar, Maidineacha Caife, Ciorcail Chomhrá, Siúlóidí, agus, fiú, an iris seo againn i mBaile Átha Cliath ach caithfidimid ár n-imeachtaí uile a nascadh le chéile i bhfad níos fearr chun go mbeidh siad fiúntach agus éifeachtach in athréimniú na Gaeilge.

BUALADH LE DÚDAIRE

Roibeárd Mac Cathmhaoil


Bhí mé in Aerfort na Sionainne ag feitheamh ar an eitleán go Ceanada. Tar éis tamall beag chonaic mé fear ina sheasamh cúpla slat uaim. Dúirt mé liom féin “Is é, eh, ah ní hé”. Ar dtús ní raibh fhios agam arbh é an fear ceart os mo chomhair amach. B’fhéidir go raibh sé cosúil leis an bhfear a raibh mé ag smaoineamh air. Ní bheadh fear, agus cáil an domhain air, ina sheasamh ina aonar ag fanacht le heitleán? Nah, ba é a bhí ann cinnte. Sheas mé agus chuaigh mé chuige agus dúirt mé, “Bhí an t-ádh oraibh ar an Domhnach seo caite”. “An t-ádh?” a dúirt sé, “An t-ádh?”. Chaith sé nóiméad ag smaoineamh agus, “Ah, tuigim anois! Bhí an t-ádh orainn cinnte. Tá tú ag caint faoin Derby?” “Tá. Bua deas agus bhí an marcach ag obair go dian, nach raibh?” arsa mise. “Bhí, cinnte, agus an capall freisin. Is capall eisceachtúil é. Tá suim agat sna capaill?” “Tá” a dúirt mé, “ó am go ham téim go dtí Tigh na Sióg agus an Currach ach tá sé deacair buachan in aghaidh na ngeallghlacadóirí”. “Aha, is fíor é sin.” a deir sé. “Cá bhfuair sibh an t-ainm “Dominion Day?” “Bhuel, níl fhios agam” a d’fhreagair sé, “bhí an t-ainm ar an gcapall sular cheannaigh mé mo sciar.” “Is traenálaí den chéad scoth é Vincent O’Brien, nach ea?” arsa mise. “Is fíor é sin. Bhí muid ag smaoineamh dul go Longchamp chun an Arc De Triomph a rith. Is dúshlán mór é ach ceapaim go mbeadh sé ábalta bua a fháil ann. Is é Dominion Day an capall is fearr ar domhan ag an nóiméad,” a deir sé. “Aontaím leat, gan dabht. B’fhéidir go mbeidh mé in ann an rás a fheiceáil ar an teilifís i gCeanada.” “Oh”, a deir sé, “Cá bhfuil tú ag dul”. “Ar dtús tá mé ag dul go Montreal agus beidh mé ag tiomáint ó Ceanada go dtí na Stáit Aontaithe”. “Cén áit sna Stáit Aontaithe?” “Bhuel, go dtí baile beag darb ainm Manitowac, Wisconsin, agus i ndiaidh sin níl mé cinnte fós, California b’fhéidir”. “Ah,” a dúirt sé, “beidh sé fuar i Wisconsin sa gheimhreadh. De ghnáth daichead céim faoi bhun an reophointe agus an ghaoth láidir”. Ag an am sin chuala mé callaire ag fógairt go raibh an geata bordála oscailte le daoine ag dul go Ceanada. “Bhuel,” a dúirt mé, “sin sin – caithfidh mé dul agus suíochán deas a fháil ar mo thuras fada. Deas bualadh leat Mr Crosby”. “A,” a dúirt sé, “Bing”. “Bhuel, deas bualadh leat. Bing”.

Chroitheamar lámha le chéile agus d’imigh mé go dtí an geata. Agus ag dul tríd an gheata d’fhéach mé thar mo ghualainn agus bhí sé ina sheasamh san áit chéanna agus chroith sé a lámh orm. Rinne mé an rud céanna. Nuair a bhí mé ag siúl go dtí an eitleán bhí díomá bheag orm mar nár thug sé cuireadh dom cuairt á thabhairt air in Los Angeles!



TOMÁS DÁIBHÍS — GAEILGEOIR

Aoidín Uí Chearbhaill



Rugadh an tÉireannach Óg, Tomás Dáibhís, file, tírghráthóir agus bunaitheoir an pháipéir ‘The Nation’ an 14 Deireadh Fómhair, 1814. An mhí seo caite, in onóir chomóradh dhá chéad bliain a bhreithe, d’eisigh An Post Clúdach Chéad Lae ar an 9 Deireadh Fómhair 2014. Bhí an **ceiliúradh** i dTeach na dTiarnaí, Banc na hÉireann in aice le ‘Alma Mater’ an Dáibhís, Coláiste na Tríonóide. D’éag an Dáibhíseach 16 Meán Fómhair 1845 agus gan é ach beagnach 31 bhliain d’aois.

I mBaile Átha Cliath i 1945 bhí ceiliúradh fiorthábhachtach don chéad chomóradh a bháis. Lean an clár cuimhneacháin ar aghaidh ó 9 go dtí an 16 Meán Fómhair agus bhí na mílte duine ar na príomhshráideanna agus ag freastal ar na himeachtaí. Ag an *Olympia*, chuir An Compántas Amharclainne Gaeilge seó dátheangach ar siúl. Bhí an amharclann plódaithe i rith na seachtaine. Ar Dhomhnach an 16ú bhí ceolchoirm chuimhneacháin san *Theatre Royal*.

Is eol dúinn an meas a bhí ag Tomáis Dáibhís ar an nGaeilge. Ba eisean an t-aon duine amháin de na hÉireannaigh Óga a thuig i gceart chomh tábhachtach is a bhí an teanga don náisiúntacht. Tá an paimfléad, “*Our National Language*” le T. O. Davis le fáil ar <http://www.ucc.ie/celt/online/E800002-035.html>

Ar an 12 Meán Fómhair 1945, thiomáin an gluaisistéan uachtaránachta, le gluaisrothair Óglaigh na hÉireann, go dtí Sráid Sheoirse. Thuirling an tUachtarán Seán T agus Bean Uí Cheallaigh, agus shiúladar síos Sráid an Dáma go Faiche an Choláiste le garda gradaim d’iarshaighdiúirí a bhí amuigh i 1916. Leag sé tábléad chun an t-ionad i gcuimhne ar Thomás Dáibhís a thaispeáint ar a mbeadh dealbh á cur ar ball.

Bhí focail faoi leith le rá ag Seán T do na Gaeilgeoirí a bhí i láthair. Dhearbhaigh sé gur fhear tuisceanach, leathan-aigeantach (**broad minded**), lách (**courteous**), ab ea Tomás Dáibhís. “*Thuig sé go raibh a mheon féin ag gach aon duine agus rinne sé a dhícheall chun daoine de gach saghas a mhealladh chun an náisiúnachais ar an mbóthar dob fhearr leo féin. Má leanaimid dá shampla, éireoidh linn gan amhras grá don Ghaeilge agus don Ghaelachas a lasadh ar fud na tíre. Ansin, beidh Éire ar an mbealach chun bheith ‘Gaelach chomh maith le saor’.*”



Ag tús na 1960idí, thug an Rialtas choimisiún do Éadbhard Delany chun an dealbh a chuir ar bun. Ach feiceann súil ghlas saol glas (**everyone has their own view of things**) agus ní raibh gach uile dhuine sásta leis an toradh nuair a nocht Éamon De Valera í i 1966. Cheapadar go raibh sé ró nua-aimseartha. Inniu, tá an dealbh ina sheasamh mar shéadchomhartha náisiúnta (**national monument**) os comhair Choláiste na Tríonóide.

“*Mar fhile, mar staraí, mar theagascóir agus mar tírghráthóir,*” a dúirt an tUachtarán 69 mbliana ó shin, “*d’fhág an Dáibhís a lorg go doimhin ar an Éirinn a bhí ann lena linn féin. Tá cuimhne dhílis againn air fós agus beidh go bráth. An teagasc a thug sé uaidh nuair a bhí sé beo, ní ceart dearmad a dhéanamh go deo air. Tá ár dtír féin buíoch de, óir is ar phríomhghaisce na tíre do bhí sé.*”

Ar an 28ú Samhain, beidh an tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn i Mala, Contae Chorcaigh, chun dealbh chré-umha don Dáibhíseach a nochtadh i lár an bhaile. Is cúis bhróid é sa cheantar gur rugadh an tírghráthóir seo ina measc dhá chéad bliain ó shin.



AG ROTHÁÍOCHT SA TUAISCEART

Antóin Ó Sheadhea



Na blianta ó shin nuair a bhíos ní ba óige ná mar a táim anois, théinn ag rotháíocht ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste agus ar ais ar an ‘Maracycle’. I rith na n-ochtóidí, bhí saighdiúirí na Breataine le feiceáil ar gach bóthar le gluaisteáin armúrtha agus gunnaí.

I mí Lúnasa 2014, rinne mé rotháíocht eile sa tuaisceart, (‘Lap of the Lough’) ‘Ciorcal an Locha’. An loch atá i gceist ná Loch nEathach (Lough Neagh). Tá sé timpeall 86 míle (140 km) nó mar sin. Chuamar trí cúig do na sé chontae agus ní fhasas saighdiúir ar bith ar an turas. Nach deas an scéal é sin.

Thosaíomar i gContae Thír Eoghain in aice le Port an Dúnáin ansin trasna Abhainn an Banna, suas go Geata Gawley agus le haghaidh briseadh béile, stopamar in Aontroim. Is féidir liom a insint duit go raibh an briseadh níos mó ná tuilte ag chách. Ar an rothar arís agus síos go Baile Raghnaill, trí Thuaim agus Baile Rónán. Tar éis Bhaile Rónán, chonaic mé comhartha bóthair a dúirt, nach rabhamar anois ach fiche míle ón gceann scríbe i bPáirc Tailte Portaigh (Peatlands Park). Thug sé sin anáil nua dom agus thosaigh mé ag rotháíocht ní ba bhríomhaire. Ag dul trí chuid do na bailte, bhí go leor bratacha na Breataine le feiceáil agus i mbailte eile, bhí cluichí peile gaelaí ar siúl. Bhí fógra i nGaeilge ar mo gheansaí rotháíochta a dúirt ‘Tá mé ag déanamh mo dhíchill, áfach’. Chonaic mé go leor daoine ag féachaint ar an teanga, agus chuir cuid acu ceist orm faoin míniú. Ar aon nós, bhí an lá go hálainn, gach duine cairdiúil lena chéile, fáilte mhór roimh dhaoine ón deisceart agus níos mó na 2,000 duine ag rotháíocht do chúiseanna carthanachta.



FIORDANNA NA hIORUA

Georgina Uí Reannacháin

Mí an Mheithimh seo caite chuaigh mé agus cara liom ar turas loinge. B’ é sin an chéad uair domsa dul ar turas cúrsála mar sin. Thaistealaíomar ar eitleán ó Bhaile Átha Cliath go Cóbanhávan maidin Shathairn



agus as sin go calafort Chóbanhávan. Bhí cúig long mhóra sa chuan, ina measc an *MSC Poesia*, an ceann ina mbeimis ag taisteal. Bhí trí mhíle agus cúig céad duine ar an long sin idir phaisinéirí agus chriú. Sheolamar ar a sé a chlog san oíche go dtí an chéad chalafort, Warnemünde sa Ghearmáin. Ar an maidin dár gcionn bhíomar in ann dul isteach sa bhaile sin chun féachaint timpeall na háite agus fanacht ann go dtí a ceathair a chlog, an t-am a chaitheamar bheith ar ais ar an long. Bhí stoirm mhór ann an oíche sin le toirneach agus tintreach,

báisteach throm agus gaoth láidir agus d’fhanamar sa chuan go dtí go raibh an stoirm laghdaithe. Bhaineamar Bergen san Iorua amach ar maidin. Cathair bheag álainn is ea í, a bhí uair amháin ina príomhchathair den tír, mar is áit an-tábhachtach í mar gheall ar an gcuan – ach is í Oslo an phríomhchathair anois. Chuamar ar bhusanna go dtí lár na cathrach agus shiúlamar timpeall. Bhí margadh mór éisc ann. Chuamar ar an iarnród cáblach (funicular) chun radharc a fháil ar an gceantar go léir. An oíche sin d’fhágamar Bergen agus sheol an long síos Sognefjorden. Chaitheamar timpeall sé huaire ag dul tríd an bhfiord sin gur shroicheamar Flåm, áit an-bheag ina bhfuil turas radharcach ar thraein cháiliúil le fáil. Whow! Bhí sé go hálainn seoladh síos an fiord agus cnoic ar gach taobh agus a lán easanna ag titim anuas ó na cnoic sin isteach san fharrage. Nach iontach an radharc sin!

Ar aghaidh linn go dtí na calafoirt dheireanacha Hellesylt agus Geiranger. Áiteanna áille iad seo, ach tá difríocht mhór idir an ceantar seo agus na háiteanna eile ina rabhamar. Bhí cnoic níos airde anseo. Chuamar ar bhus suas go barr cnoic a bhí 1,500m ar airde agus an bóthar ag casadh timpeall agus timpeall arís. Bhí a lán sneachta agus oighir ar an tslí. Bhí fuacht agus ceo ann, ach scaip an ceo ar feadh tamaill agus ansin bhí radharc álainn againn. Ba é sin deireadh an turais agus ar ais linn go Cóbanhávan.





TURAS THAR-OÍCHE

Scott De Builéir

Bhí deireadh seachtaine thar cionn ag grúpa Gaeilgeoirí áitiúla as tuaisceart Átha Cliath le déanaí, nuair a rinne muid turas siar ó thuaidh go Contae Dhoire agus Contae Liatroma, le léargas difriúil a fháil ar phobail Ghaeilge an tuaiscirt, agus ar bhaile beag iargúlta atá gar don teorainn.

Bhí thart ar 15 sa ghrúpa a rinne an turas go Carn Tóchair i gContae Dhoire. Is ann a bhuaill muid le feachtasóirí teanga agus eagarthóirí imeachtaí in ionad pobail an bhaile, agus is ann a d'fhoghlaim muid faoin obair ata ar siúl ar feadh na mblianta, chun pobal le Gaeilge a bhunú agus a fhorbairt i mbaile beag i lár Thuaisceart Éireann. Bhí turas againn ar fheirm áitiúil a bhaintear úsáid aisti ag an bpobal uilig. Feirm phoiblí, is dóiche.

I ndiaidh ár sos i gCarn Tóchair, lean muid ar aghaidh go cathair álainn Dhoire, le turas treoraithe a fháil ar Chultúrlann Uí Chanáin, croilár phobal na Gaeilge i nDoire agus in iarthuaisceart na hÉireann. Is ansin a d'fhoghlaim muid faoi stair an fhoirgnimh álainn nua-aimseartha, faoi stair athbheochan na Gaeilge i nDoire, agus faoin ionad mar chroí phobal Dhoire ina iomláine. Le bolg folamh agus teanga thirim, bhí seans againn chun béile maith a fháil sa teach tábhairne Wetherspoons, roimh oíche láncheoil agus craice sa *Derby Pub*. I ndiaidh oíche deise inár gcuid lóistín, bhí turas siúlóide againn timpeall na cathrach, ina taispeánadh dúinn Halla na Cathrach (an [Guildhall](#)), an Diamaint (lár an bhaile mhúrtha), ceantar aontachtach an Fountain Estate, agus Taobh a'Bhogaidh.

Tráthnóna Dé Domhnaigh, d'fhág muid slán lenár gcairde i nDoire chun lón iontach a fháil sa Srath Bán, roimh leanúint ar aghaidh go Cluainín Uí Ruairc ([Manorhamilton](#)) i gContae Liatroma. Is ann a bhí turas againn trí Ghaeilge ar Chaisleán an Chluainín, roimh thuras agus caint ag gníomhaí teanga, scríbhneoir agus ceoltóir cáiliúil, Rossa Ó Snodaigh. Léiríodh dúinn ansin go raibh ag éirí go maith le pobal láidir teanga sa bhaile iargúlta – cuirim leathbhéim ar 'iargúlta' toisc gur dúradh go raibh sé sin ina bhuntáiste d'fheachtas Gaeilge an bhaile.

Mar sin féin, nuair a thosaigh muid ag teacht ar ais ónár dturas go Carn Tóchair, Doire agus Cluainín Uí Ruairc, agus muid ar an mbóthar abhaile go Baile Átha Cliath, ba léir go raibh go leor feicthe agus foghlamtha againn. B'iontach go deo an méid paisin agus nirt dá bhfuil ag ár gcairde sna Sé Chontae, agus go bhfuil ag éirí go haoibhinn leo toisc go bhfuil siad ag brath ar an phobal, seachas ar an rialtas (bíodh sin [Stormont](#) nó Teach Laighean).

Is é an chéad cheist eile ná: Cén sórt inspioráide a bhfuilimid in ann a bhaint amach as? Beidh le feiceáil.

DÚNMHARÚ IN DALLAS

Pádraig Mac Éil

Cá raibh tú ar an Aoine 22 Samhain 1963? Deirtear go bhfuil an fios ag daoine a bhí beo ag an am toisc gur tharla feallmharú Uachtarán Uí Chinnéide ar an lá sin. Bhí JFK agus a bhean chéile, Jackie, ar cuairt ar Dallas, Texas. Bhí gluaisteán béaloscailte an uachtaráin ag dul trí Dealey Plaza. Bhí gáir mholta á ligean ag an slua ar an dá thaobh den bhóthar. “*A Uachtaráin,*” arsa Nellie, bean chéile Ghobharnóir Texas, John Connolly, “*ní féidir leat a rá nach bhfuil Dallas i ngrá leat*”. “*Ní féidir, cinnte*”, a d'fhreagair JFK, agus ba iad na focail dheireanacha a labhair sé. Bhuail urchar sa cheann é agus fuair sé bás go luath ina dhiaidh sin. Gabhadh Lee Harvey Oswald ní ba dhéanaí sa lá as an bhfeallmharú. Ceistíodh é ar feadh 12 uaire a chloig ach shéan sé gur mharaigh sé aon duine. Dhá lá ina dhiaidh sin mharaigh Jack Ruby é nuair a bhí sé á thabhairt ó Cheanncheathrú na bPóilíní go dtí Príosún an Chontae. Tar éis 10 mí d'imscrúdú ba é tatal ([conclusion](#)) Choimisiúin Warren gurbh é Oswald ina aonar a fheallmharaigh an tUachtarán. Ní raibh gach



duine sásta le seo agus thar na blianta moladh teoriciúil comhcheilge ([conspiracy theories](#)) éagsúla. Faoi 1998 chreid 76% de phobal SAM gur chomhcheilg ba chúis le marú JFK. Bhí an céatadán sin tite go 60% i 2013. Má tá na teoriciúil fíor bhí scata naoscáirí ([snipers](#)) ag scaoileadh leis an Uachtarán ar an Aoine bhrónach sin in Dallas. Cá raibh tusa?



CRAIC I gCARNA!

Stiofán Ó hAoláin

Cúig duine dhéag ar an traein ó Stáisiún Heuston go Cathair na Treabh agus anonn go Carna agus bhí an-chraic againn. Bhíomar ag caint faoi gach rud agus ag foghlaim cúpla focal nua freisin. Bhí an mionbhus ag fanacht ag Stáisiún Cheannt linn agus tar éis uair go leith bhíomar i lár na Gaeltachta. Fuaireamar fáilte is fiche ó bhean a'tí, Mary Clogherty, agus ó bhanríon na hÉigse, Cairtriona Ní Cheannabháin. Oíche Dé hAoine a bhí ann agus bhí carranna taobh amuigh den óstlann chun síob a thabhairt dúinn síos an bóthar 'Éigse Chomórtha Mhichael Mháire Ghabha' ag tosú don chead uair agus bhíomar ag tnúth leis. Bhí siamsaíocht den chéad scoth sa teach tábhairne le sár ceoltóirí agus



amhránaí áitiúla. Bhain gach uile dhuine súp as an oíche sin agus nuair a bhíomar réidh bhí muintir na háite an-sásta síob eile a thabhairt dúinn ar ais chuig an óstlann. An mhaidin dár gcionn thug an bhanríon a carr dom ionas go mbeidh mé in ann síoba a thabhairt do dhaoine chuig an gceardlann ar an Sean-Nós le Joe John Mac an Iomaire. Rinneamar staidéar ar dhá amhrán iontacha, *An Draighneann Donn* agus *Cailleach an Airgead*. An tráthnóna sin chuamar go ciorcal amhránaíochta chun amhráin a rá agus chun iad a chloisteáil. Bhí sé ar fheabhas. Chualamar Padraic Ó Ceannabháin, Josie Seán, Johnny Mháirtín, Seán Ó Cadhain agus neart sár-amhránaithe eile freisin. Ar an oíche sin bhí ceolchoirm ann le

Máirtín Tom Seáinín mar fhear a'tí. Bhí amhránaíocht, ceol agus rince den scoth againn. Bhí mé thar a bheith sásta leis an oíche sin agus an t-airgead a fuair siad ag an doras agus ón raifil ag dul go Ospís na Gaillimhe, bhí sé deas é sin a chloisteáil.



Dé Domhnaigh, chuamar go hAifreann, ceiliúrtha ag an Athair Pádraig Standún agus tar éis sin chaitheamar seal sa teach tábhairne arís ag éisteacht le ceol agus ag rá amhrán. Ar ais chuig an óstlann, áit ina raibh aonach ar siúl. Cheannaigh mé *Cré na Cille* ar dhlúthdhioscaí agus albam iontach '*Solas*' le Cairtriona Ní Cheannabháin, an t-albam is fearr liom. Sul i bhfad bhí an mionbhus linn agus bhí orainn Carna agus a mhuintir chairdiúla a fhágáil agus an turas go Gaeltacht Bhaile Áth Cliath a dhéanamh. Beidh muid ar ais arís san athbhliain.

Beidh Johnny Mháirtín Learaí ó Charna mar aoi speisialta san Abbey Tavern ar 9.00 pm 4 Feabhra 2015.

Tá muid chun cuairt a thabhairt, i ndeireadh mhí Feabhra nó tús mhí an Mhárta, go dtí Teachín an Phiarsaigh i Ros Muc. Ní bhíonn siamsaíocht ar siúl i dtólamh sa cheantar agus, sin ráite, beidh sé go maith dúinn amhrán nó dhó dhá chuid agus na scéalta fúthu a fhoghlaim ionas go mbeidh muid in ann ár siamsaíocht féin a dhéanamh san óstlann. Bíodh amhrán foghlamtha agat don turas sin!







CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-11

TRASNA

SÍOS



1	slave (5)	2	architect (7)
5	fat (6)	3	range (4)
10	fraud (7)	4	fastidious (6)
11	drive (7)	5	I run (6)
12	between (4)	6	temperament (4)
13	pickle (5)	7	breathing (5)
15	retreat (4)	8	shout (6)
17	bare (3)	9	scrutinize (6)
18	greyhound (2)	14	obligation (7)
19	guidance (6)	15	goal (3)
22	professor (6)	16	vomit (5)
24	tanner (7)	18	trick (5)
25	morning (6)	20	red (3)
27	blindness (6)	21	resolution (3)
30	snare (3)	22	order (3)
32	friend (4)	23	suggest (3)
33	mould (5)	25	playfulness(6)
34	out of you (4)	26	railway (7)
37	monster (7)	28	fiery (7)
38	scandal (7)	29	flight (6)
39	light (6)	30	ankle (6)
40	union(6)	31	tasty (6)
		35	acre (4)
		36	accumulate (4)








CUARDACH FOCAL 11

Crainn I / Trees I

P	I	É	N	E	P	É	I	H	T	I	E	B	E	I
O	Ó	G	L	É	O	O	B	A	E	O	G	R	O	G
L	E	I	I	M	B	H	I	F	R	O	G	O	Ú	R
L	A	N	B	F	L	T	H	B	E	I	T	I	H	I
O	E	N	Á	L	E	N	A	S	L	T	R	O	A	C
C	F	E	R	A	E	A	N	T	I	E	B	Á	É	F
C	O	U	L	M	A	I	R	A	M	H	O	N	N	R
Í	U	R	I	R	U	O	G	N	H	T	H	G	I	G
D	A	F	I	F	U	G	N	E	Ó	T	M	A	N	O
C	L	L	E	A	M	H	Á	N	I	G	R	O	E	R
O	U	B	N	P	D	C	I	B	L	I	E	O	C	F
A	N	F	F	C	L	N	I	E	P	Ú	N	T	A	O
R	P	E	R	L	H	C	A	E	L	I	A	S	I	C
A	Á	R	M	Ó	E	C	I	E	S	S	N	B	P	A
D	A	O	R	E	G	R	A	M	A	E	C	I	E	S



	aiteal (juniper)		fuinseog (ash)
	beith (birch)		giúis (fir)
	caorthann (rowan)		iúr (yew)
	coll (hazel)		leamhán (elm)
	cufróg (cypress)		péine (pine)
	dair (oak)		poibleog (poplar)
	feá (beech)		sailleach (willow)
	fearnóg (alder)		seiceamar (sycamore)

SACAR NA SAMHNA

Pádraig Mac Éil




Tá dhá chluiche le himirt ag foireann Mhartín O’Neill an mhí seo. Ar an Aoine, 14 Samhain beidh cluiche tábhachtach i nGlaschú i mBabhtáí Cáilithe Chraobhchomórtas Sacair na hEorpa i gcoinne na hAlban. Tá trí chluiche imeartha ag an dá fhoireann le 7 bpointe againn agus 4 phointe ag na hAlbanaigh. Níl mórán idir na foirne agus toisc go bhfuil an Albain ag imirt sa bhaile is dócha go bhfuil an buntáiste acu. D’imríomar go maith i gcoinne na Gearmáine an mhí seo chaite ach bhí an t-ádh linn cúl a fháil ag deireadh an chluiche. Rinne



Gordon Strachan gach iarracht a fhoireann agus a thacadóirí a spreagadh agus a mhúscailt. Bhí an bheirt bhainisteoirí i bhfeighil ar Celtic, O’Neill ó 2000 go 2005 agus Strachan ó 2005 go 2009 agus mar sin tá taithí acu ar Celtic Park agus ar an méid duine a bhíonn ann. Bhí an bheirt acu an-rathúil le Celtic ach d’éirigh níos fear le O’Neill sna comórtais Eorpacha, agus tá súil againn go mbeidh an scéal céanna le hinsint tar éis an chluiche seo! Níor tugadh ach 3,209 ticéid don chluiche d’Éirinn ach, mar is gnáth, d’éirigh le tacadóirí na Poblachta ticéid sa bhreis a fháil ina slite féin. Beidh Sam (ó mhaidin chaife Dhomhnach Míde) agus a mhic ann agus tá súil agam go mbeidh scéal ratha le hinsint aige nuair a thiocfaidh sé ar ais chugainn. Is dócha go mbeimis sásta pointe amháin a fháil ón gcluiche seo.

Is i gcoinne Stáit Aontaithe Mheiriceá a bheidh cluiche deireanach na bliana d’fhoireann O’Neill san Aviva ar an 18 Samhain. Má cheapann tú nach bhfuil fiúntas i sacar ag SAM ná déan dearmad gur shroich foireann Jurgen Klinsmann an 16 deireanach i gCorn an Domhan sa Bhrasaíl i rith an tsamhraidh agus go bhfuil siad sa 23ú áit sa rangú domhanda i gcomparáid le 61ú háit d’Éirinn. Tar éis cluiche crua i gcoinne na nAlbanach beidh sos tuilte ag cuid de na himreoirí agus beidh deis ag O’Neill cluiche a thabhairt do chuid de na himreoirí ar an imeall (**fringe players**) ina scudach ach ba mhaith leis bua a fháil ag an am céanna. Beidh sos fada ansin go dtí an cluiche i gcoinne na Polainne i mí an Mhárta 2015.



CROSFHOCAL BG XBG-10: RÉITEACH

	¹ B	R	I	² S	I	³ M		⁴ A	B	⁵ A	I	⁶ R	T		
⁷ M				L				I		S		U		⁸ B	
⁹ A	I	¹⁰ S	T	E	A	R		¹¹ S	A	M	H	A	I	L	
	I	U	Á		N			T	A	I		I			
¹² D	U	B	H		¹³ G	Á	¹⁴ I	R	E		¹⁵ A	N	F	A	
	I	H		¹⁶ T		¹⁷ N	A	Í		¹⁸ C		N		I	
¹⁹ N	U	A	C	H	²⁰ T			L		²¹ F	Í	S	E	Á	N
				²² I	Ú	I	L			O					
²³ F	Á	²⁴ L	T	A	S				²⁵ O	C	H	²⁶ T	A	²⁷ R	
	É		E	R		²⁸ C		²⁹ C		H		Á		E	
³⁰ A	N	A	M			³¹ C	Ú	P	L	A		³² Ó	M	R	A
	S		N		³³ S		I		U		³⁴ P		H		C
³⁵ T	E	A	S	T	A	S		³⁶ A	M	Á	³⁷ R	A	C	H	
	A		I	A	I		I			³⁸ P	O	C		T	
	³⁹ S	M	I	D	I	Ú		⁴⁰ N	E	A	C	H	T		

CUARDACH FOCAL 10: RÉITEACH


B	R	I	T	L	A	N	É	L	R	I	A	D	U	B
O	S	I	Ú	L	S	M	U	A	L	G	T	Ú	S	N
D	E	A	B	U	A	N	Á	D	A	R	B	I	Á	Á
A	M	B	H	O	É	E	C	R	O	I	S	L	T	E
R	O	S	É	A	D	T	M	A	B	O	L	P	N	L
L	L	É	P	O	L	A	N	S	E	O	I	L	Á	L
Í	T	A	R	Ú	C	H	I	N	P	R	U	Á	M	O
C	A	E	R	H	B	A	U	R	U	Á	B	N	A	B
E	E	T	Á	R	Ú	A	N	P	L	O	R	Á	R	R
T	S	N	R	H	Ó	R	Á	N	Í	A	A	Ú	E	
S	R	Ú	C	A	E	R	B	A	U	R	N	N	C	A
I	E	N	I	G	O	L	O	B	R	N	G	Í	E	D
Ó	I	R	É	L	P	L	L	A	Ó	A	R	M	A	Á
R	P	E	S	R	I	É	P	G	L	L	Á	M	R	N
N	A	D	R	B	R	E	A	N	Á	U	R	U	B	M

SEANFHOCAL

Mol an óige agus tiocfaidh sí
Praise the youth and they will bloom.

RUGBAÍ IDIRNÁISIÚNTA AN FHÓMHAIR

Pádraig Mac Éil



Tá cluichí idirnáisiúnta rugbaí an Fhómhair ar siúl faoi láthair. Tá trí cinn á n-imirt ag foireann na hÉireann thar thréimhse choicise, gach ceann acu sa Staid Aviva. Tá Éire sa 5ú háit sa rangú domhanda ([world ranking](#)) sa rugbaí. Dá céilí comhraic ([opponents](#)) tá An Afraic Theas sa 2ú háit, An Astráil sa 4ú háit agus An tSeoirsia sa 15ú háit. Mar sin ba é an chéad chluiche an ceann ba dheacra. D'imríodh sin ar 8 Samhain. Ní raibh na



staitisticí ar thaobh bhua do na hÉireannaigh. Chailleamar 16 as 21 chluiche idir an dá thír. Ach thug foireann na hÉireann sárthaispeántas dúinn. Bhí an chosaint thar bharr, d'aimsigh Rhys Ruddock agus Tommy Bowe úid agus d'éirigh le Johnny Sexton (laoch na himeartha) sé huair as seacht an liathróid a chur idir na cuailí. Bua stairiúil d'fhoireann Joe Schmidt le 29 in aghaidh 15.

Beidh ceann i gcoinne na Seoirsia ar an Domhnach, 16 Samhain. Ní tír láidir rugbaí í an tSeoirsia agus chloíomar iad sna trí chluiche a bhí idir an dá thír go nuige seo. Ach thug siad scanradh dúinn i 2007 nuair nár bhuamar orthu ach le 14 in aghaidh 10. Cháiligh a foireann faoi 19 mbliana don Chorn Domhanda Sóisearach nuair a bhuaigh siad an Corn Eorpach le déanaí. Ach in ainneoin sin is dócha go dtabharfaidh bainisteoir na hÉireann, Joe Schmidt, an deis do chuid de na himreoirí óga



Éireannacha sa chluiche seo. Ba cheart go mbeidh an bua againn. B'fhéidir go mbeidh scéal eile le hinsint faoin gcoimhlint leis na hAstráiligh. I 31 chluiche idir an dá thír níor bhuamar ach 9 gcinn, 29%! Bhuamar orthu san Astráil i 2001 ach ansin chailleamar an cluiche anuraidh san Aviva 15-32.

PEIL CHOMHRIALACHA 2014

Pádraig Mac Éil

Beidh Éire ag imirt i gcoinne na hAstráile in Perth ar an 22 Samhain sa Pheil Chomhrialacha ([International Rules Football](#)) agus Michael Murphy ó Dhún na nGall mar chaptaen orthu. Tá 9 gcinn den na sraitheanna cluichí seo buaite ag Éirinn agus 8 gcinn ag an Astráil go nuige seo. Ní bheidh ach an t-aon chluiche idir na foirne an bhliain seo. B'fhéarr le Paul Earley, bainisteoir na hÉireann, dhá chluiche a imirt ach ní raibh ach an ceann amháin á lorg ag an taobh eile. Níor imir na hAstráiligh go maith nuair a tháinig siad chun na tíre seo an t-am deireanach agus bhí díospóireacht ann ó shin faoi fhiúntas an Chomórtais ach deirtear go bhfuil caighdeán na nAstrálach níos airde i mbliana toisc gur Sárímreoirí Astrálacha ([All Australians](#), cosúil le [All Stars](#)) na himreoirí a bheidh san fhoireann. Beidh sé deacair do na hÉireannaigh Corn Chormaic Mhic Anallen a bhuaigh don tríú huair as a chéile, go háirithe agus an cluiche in Perth. Is ait an rud é go mbeidh dhá chluiche idirnáisiúnta á n-imirt idir Éirinn agus an hAstráil ar siúl ar an lá céanna, ceann sa leathsféar thuaidh agus ceann sa leathsféar theas.

BUAITEOIRÍ ÓN TAOBH Ó THUAIDH

Pádraig Mac Éil



Bhuaigh foireann na mban [Raheny United](#) an Corn FAI do Shacar Sinsear na mBan don tríú huair as a chéile le bua i gcoinne UCD Waves, 2-1. Chuaigh siad chun tosaigh le saorchic iontach ó Katie McCabe ach chuir Áine O'Gorman na foirne ar comhscór sa 40ú nóiméad. Bhí deiseanna ag an dá fhoireann ina dhiaidh sin ach ba é cúl Shiobhain Killeen a bhuaigh an cluiche don club ón taobh ó thuaidh.

Sa pheil bhuaigh Club Naomh Uinsionn Craobh Laighean de Chraobhchomórtas Sinsear Chlubanna na hÉireann le bua ar Phort Laoise 3-11 i gcoinne 0-10. Tar éis a easpa cúil sa chluiche do Chraobhchomórtas Átha Chliath d'éirigh leo trí chúl a aimsiú an t-am seo le ceann go luath ó Tomás O'Quinn agus dhá cheann ó Shane Carty sa dara leath. Club rathúil eile ón taobh ó thuaidh! Comhghairdeas do na mná agus do na fir as a mbuanna.

